


28 Breisoideachas agus oiliúint éifeachtach a sholáthar

- 28.1** Cuireann an córas breisoideachais agus oiliúna (BOO) clár oideachais agus oiliúna scileanna i ndiaidh an dara leibhéal ar fáil lasmuigh den earnáil ardoideachais. Freastalaíonn sé ar fhoghlaimeoirí atá 16 bliana d'aois nó níos sine, lena n-áirítear daoine a d'fhág an scoil, daoine atá ag lorg poist agus daoine ar mian leo scileanna nua a fhoghlaim nó uasoiliúint a dhéanamh.
- 28.2** Tá an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (an Roinn) freagrach as an treo beartais a leagan síos don chóras BOO. Tá SOLAS freagrach as an straitéis náisiúnta BOO a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun tacú le cuspóirí beartais ábhartha a bhaint amach.¹
- 28.3** Leithdháileann an Roinn maoiniú agus déanann sí formhaoirseacht ar fheidhmíocht SOLAS. Dá réir sin, leithdháileann SOLAS maoiniú ar 16 bhord oideachais agus oiliúna agus déanann sé comhordú ar sholáthar BOO ar fud na tíre (féach Fíor 28.1).²

Fíor 28.1 An córas breisoideachais agus oiliúna



¹ Bunaíodh SOLAS — An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna — mar ghníomhaireacht de chuid na Roinne faoin Acht um Breisoideachas agus Oiliúint, 2013.

² Leithdháileann SOLAS thart ar 90% den mhaoiniú a fhaigheann sé ar na boird oideachais agus oiliúna. Leithdháileann sé maoiniú freisin ar sholáthraithe eile seirbhísí breisoideachais agus oiliúna (BOO), lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh agus Aontas (eagraíocht náisiúnta um fhoghlaím aosach).

An fócas sa scrúdú seo

28.4 Rinneadh an scrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas

- an bhfuil an córas BOO ag leithdháileadh agus ag bainistiú maoinithe ar bhealach a léiríonn éileamh na bhfoghlaimoirí
- an tsamhail nua maoinithe a tugadh isteach in 2022
- an chaoi a bhfuil soláthar BOO ag teacht le riachtanais shainaitheanta scileanna an mhargaidh saothair.

28.5 Chuir an fhoireann scrúdúcháin lucht bainistíochta SOLAS agus trí BOO roghnaithe faoi agallamh, agus d'eisigh sí iarrataí ar fhaisnéis chuig an Roinn, SOLAS agus na boird oideachais agus oiliúna. Rinne an fhoireann scrúdúcháin athbhreithniú freisin ar dhoiciméid agus ar thuarascálacha éagsúla a chuir SOLAS agus eagraíochtaí eile ar fáil maidir le héileamh náisiúnta ar scileanna agus éileamh an mhargaidh saothair.

Struchtúr maoinithe

28.6 Faigheann SOLAS maoiniú ón Roinn, a fhoinsítear ó Vóta 45 agus ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (CNO) araon. Ina dhiaidh sin, dáileann SOLAS an maoiniú sin ar fud an chórais BOO.


28.7 Tá méadú suntasach tagtha ar an maoiniú bliantúil don chóras BOO le blianta beaga anuas: ó thart ar €800 milliún in 2020 go breis agus €1.2 billiún faoi 2025 (féach Fíor 28.2). Baineann an chuid is mó den mhéadú sin le maoiniú ó CNO, ar tháinig méadú beagnach 135% air (€356 milliún). Tháinig méadú €67 milliún ar mhaoiniú caipitil le linn na tréimhse céanna.³

28.8 Tá an Roinn freagrach as acmhainní CNO a bhainistiú agus a úsáid a maoineítear le tobhach ar fhostóirí (1% de thuilleamh ináirithe faoi láthair, a íoctar trí ÁSPC).⁴ Tacaíonn CNO le hoiliúint a fheabhsaíonn scileanna an lucht saothair agus a fheastalaíonn ar riachtanais an mhargaidh saothair. Maoíníonn sé printíseachtaí, cúrsaí oiliúna, cláir scileanna d'oibrithe agus tionscnaimh oiliúna atá dírithe ar fhiontair.

3 Go dtí seo, is ón Státchiste, trí Vóta 45, a cuireadh maoiniú caipitil ar fáil do SOLAS. Leis an [Acht um Chiste Náisiúnta Oiliúna \(Leasú\), 2025](#), a síníodh ina dhlí i mí na Nollag 2025, ceadaítear caiteachas caipitil ón gCiste Náisiúnta Oiliúna den chéad uair.

4 Féach [Tuarascáil maidir le Cuntais na Seirbhísí Poiblí, 2022](#), caibidil 19, An Ciste Náisiúnta Oiliúna.

Fíor 28.2 Foinsí maoinithe an chórais BOO, 2020 go 2025



Foinse: SOLAS. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- 28.9** Maoiníonn Vóta 45 na cúrsaí BOO níos leithne atá dírithe ar chúrsaí sóisialta agus oideachais, go háirithe iad siúd a thacaíonn leis an ionchuimsiú, leis an oideachas dara seans agus leis an bhfoghlaim pobail.
- 28.10** Cé go bhfuil cuspóirí beartais éagsúla ag na leithdháiltí maoinithe ón Vóta agus ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (CNO), tá réimsí áirithe den soláthar breisoideachais agus oiliúna (BOO) dírithe ar chuspóirí a bhaineann le hionchuimsiú sóisialta agus leis an margadh saothair araon. Mar thoradh air sin, féadfaidh cláir BOO áirithe maoiniú a fháil ón dá fhoinsé, ag brath ar chuspóir na gclár, ar na foghlaiméoirí a bhfuiltear ag díriú orthu agus ar na torthaí atá beartaithe d'idirghabhálacha oideachais agus oiliúna aonair.
- 28.11** Tá SOLAS freagrach freisin as pleanáil straitéiseach a dhéanamh ar sholáthar náisiúnta BOO bunaithe ar anailís ar an margadh saothair, agus as monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar thorthaí.
- 28.12** Is comhlachtaí reachtúla iad na 16 bhord oideachais agus oiliúna a rialaítear faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Déanann na boird oideachais agus oiliúna cúrsaí BOO a phleanáil, a bhainistiú agus a sholáthar go háitiúil. Cuirtear cláir ar fáil i gcoláistí breisoideachais, in ionaid oiliúna agus i raon ionad oideachais aosaigh agus breisoideachais a sholáthraíonn cláir BOO.
- 28.13** Cuireann an córas BOO réimse leathan roghanna oideachais ar fáil (féach Fíor 28.3).

Fíor 28.3 Cláir bhreisoideachais agus oiliúna

Cláir lánaimseartha	Cláir pháirtaimseartha agus sholúbtha
- Printíseacht - Ógtheagmháil - Socrúchán Oibre - Iar-Ardteistiméireacht - Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG) - Cúrsaí ullmhúcháin/bunúsacha - Oiliúint i scileanna sonracha	- Scileanna chun Dul Chun Cinn - Scileanna chun Dul san Iomaíocht - Scileanna don Obair - Tionscnamh um fhilleadh ar an oideachas - Litearthacht agus uimhearthacht aosach - Oideachas pobail - Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile - Cúrsaí BOO tráthnóna - Cúrsaí foghlama cumaisc
Soláthraithe tríú páirtí ^a	Soláthar digiteach
- Tionscnaimh oiliúna áitiúla - Ionaid oiliúna pobail - Sainsoláthraithe oiliúna	eCollege

Foinse: SOLAS

Nóta: a I gcásanna áirithe, fostaíonn boird oideachais agus oiliúna soláthraithe oiliúna tríú páirtí chun tacú le cúrsaí sonracha a sholáthar, chun saíneolas speisialaithe a chur ar fáil nó chun acmhainn bhreise oiliúna a sholáthar.

Éileamh ar BOO

28.14 Sainaithnítear éileamh foghlaimoirí ar chúrsaí BOO ó fhoinsí éagsúla sonraí agus aiseolais le chéile, lena léirítear cé na nithe a bhfuil daoine ag iarraidh staidéar a dhéanamh orthu agus cén áit a bhfuil an t-éileamh ag fás.

28.15 Is iad na tomhais is díri ar éileamh líon na n-iarratas ar chúrsaí agus na gclárúcháin, an cóimheas idir líon na n-iarratas ar chúrsaí agus líon na n-áiteanna atá ar fáil, agus líon na ndaoine atá ar liostaí feithimh do chúrsaí a bhfuil an iomarca iarratas orthu. Bailíonn na boird oideachais agus oiliúna na sonraí sin, mar a dhéanann córais náisiúnta amhail an Córas Tacaíochta d'Fhoghlaimoirí Cláir (PLSS).⁵

28.16 Tomhaistear éileamh foghlaimoirí ar BOO trí úsáid a bhaint as cur chuige samhaltaithe atá bunaithe ar dhéimeagrafaic a d'fhorbair SOLAS. Leis an tsamhail, cuirtear réamh-mheastacháin daonra ón bPríomh-Oifig Staidrimh, arna miondealú de réir aoise, inscne agus réigiúin, le rátaí rannpháirtíochta in BOO a breathnaíodh agus a díorthaíodh ó PLSS.

⁵ Cuireadh an Córas Tacaíochta d'Fhoghlaimoirí Cláir (PLSS) i bhfeidhm go hiomlán i ngach bord oideachais agus oiliúna agus sna soláthraithe eile a mhaoiníonn SOLAS le linn 2017. Taifeadann an córas líon iomlán na gclárúcháin, na gcríochnuithe (mar aon le deimhniú, más ann dó) agus thorthaí na bhfoghlaimoirí (fostaíocht, staidéar breise).

- 28.17** Leis an modheolaíocht réamhaisnéise éilimh a úsáideann SOLAS, ar a dtugtar an modh cóimheasa rannpháirtíochta, cuirtear na rátaí rannpháirtíochta reatha de réir aoise agus inscne i bhfeidhm i leith sonraí daonra réamh-mheasta chun éileamh amach anseo a mheas. Glactar leis sa chur chuige sin go bhfanfaidh patrúin rannpháirtíochta mar an gcéanna den chuid is mó le himeacht ama, agus úsáidtear anailís ar chásanna chun athróa amhail imirce, torthúlacht agus dálaí an mhargaidh saothair a chur san áireamh.
- 28.18** Le linn 2023 – 2024, athbhreithníodh an tsamhail chun sonraí ó Dhaonáireamh 2022 agus samhaltú feabhsaithe ar chásanna a thabhairt isteach, d'fhoill cruinneas na réamh-mheastachán éilimh a fheabhsú.⁶ Choimisiúnaigh an Roinn an obair sin agus rinne sí formhaoirseacht uirthi, le hionchur ó SOLAS agus ó pháirtithe leasmhara eile. D'fhoilsigh an Roinn an tuarascáil deiridh i mí Iúil 2026.⁷
- 28.19** Tomhaistear an t-éileamh ar chlár i réimsí ina bhfuil riachtanais scileanna sainaitheanta freisin trí struchtúir amhail na Fóraim Réigiúnacha Scileanna, trí rannpháirtíocht le fostóirí, foghlaimoirí agus soláthraithe oideachais, agus trí ghanntanais scileanna agus suim áitiúil i gcúrsaí a shainaithint.⁸

Riachtanais scileanna an mhargaidh saothair a shainaithint

- 28.20** Cuirtear bonn eolais faoi thuiscint ar an margadh saothair agus ar threochtaí scileanna in Éirinn trí mheascán d'anailís náisiúnta, de struchtúir chomhairleacha saineolaithe agus d'fhianaise idirnáisiúnta.
- 28.21** Áirítear ar an bpríomhchóras náisiúnta luathrabhaidh maidir le ganntanais scileanna agus riachtanais an lucht saothair trí ghné — an Chomhairle Náisiúnta Scileanna, an Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí agus an tAonad um Thaighde ar Scileanna agus ar an Margadh Saothair in SOLAS (féach Fíor 28.4).
- 28.22** Is comhlacht neamhreachtúil í an Chomhairle Náisiúnta Scileanna a thugann comhairle maidir le forbairt an lucht saothair, rialachas scileanna agus foghlaim ar feadh an tsaoil.⁹ Tugann an Chomhairle comhairle maidir leis an gcaoi ar féidir leis an gcóras oideachais agus oiliúna freagairt go héifeachtach do riachtanais an mhargaidh saothair trí dhíríú ar réimsí a bhfuil tionchar mór acu agus maidir leis an gcaoi ar féidir cur chuige comhordaithe rialtais a fhorbairt i leith forbairt scileanna.
- 28.23** Is grúpa comhairleach neamhspleách de chuid Rialtas na hÉireann é an Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (an Sainghrúpa) maidir le scileanna agus riachtanais an mhargaidh saothair.¹⁰ Áirítear ar phríomhfhheidhmeanna an ghrúpa riachtanais scileanna amach anseo a réamhaisnéisiú, taighde a dhéanamh ar réimsí atá ag teacht chun cinn (m.sh. an intleacht shaorga (IS) agus scileanna a bhaineann leis an aeráid) agus comhairle a thabhairt maidir le hathruithe ar an gcóras oideachais agus oiliúna. Foilsíonn an Sainghrúpa tuarascálacha ina bhfuil moltaí agus pleananna gníomhaíochta.
- 28.24** Déanann SOLAS anailís agus réamhaisnéis ar riachtanais scileanna agus an mhargaidh saothair ar an leibhéal náisiúnta trína Aonad speisialaithe um Thaighde ar Scileanna agus ar an Margadh Saothair. Is é ról an aonaid taighde laistigh de SOLAS fianaise a chur ar fáil mar bhonn don phleanáil soláthair agus don bheartas sa chóras BOO. Bailíonn agus anailísíonn an tAonad tacair sonraí,

6 Baineadh úsáid san anailís bhunaidh ar a raibh an tsamhail bunaithe as réamh-mheastachán daonra na Príomh-Oifige Staidrimh don tréimhse 2016 – 2037, a díorthaíodh ó shonraí Dhaonáireamh 2016.

7 [Réamh-mheastachán ar an Éileamh ar Bhreiseoideachas agus Oiliúint, 2025–2042](#), a foilsíodh i mí Iúil 2026,


8 Is éard atá sna Fóraim Réigiúnacha Scileanna ná naoi gcomhpháirtíocht chomhoibríocha ar fud na hÉireann, arna maoiniú ag an gCiste Náisiúnta Oiliúna, atá ceaptha chun fostóirí a nascadh le soláthraithe oideachais agus oiliúna.

9 Tá an Chomhairle Náisiúnta Scileanna comhdhéanta d'ionadaithe sinsearach ó thionscal na hÉireann, de chomhpháirtithe sóisialta agus de na príomhpháirtithe leasmhara neamhrialtasacha.

10 Tá ionadaithe ó fhostóirí, soláthraithe oideachais, ceardchumann agus gníomhaireachtaí rialtais amhail SOLAS ar an Sainghrúpa.

lena n-áirítear faisnéis faoi fhostaíocht, oideachas, éileamh earnála agus neamhréireanna scileanna.¹¹

Fíor 28.4 An córas um scileanna agus riachtanais an mhargaidh saothair



Foinse: SOLAS; an Sainghrúpa um Riachtanais Scileanna sa Todhchaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

28.25 Déanann SOLAS soláthar BOO a phleanáil i gcomhréir leis na tosaíochtaí náisiúnta scileanna a leagann an Roinn síos, agus bonn eolais á chur faoin bpleanáil sin ag obair an tSainghrúpa, ag comhairle straitéiseach ón gComhairle Náisiúnta Scileanna agus ag sonraí óna aonad taighde féin.

28.26 Ar fud na bhfoinsí faisnéise ar fad, is in TFC/an earnáil dhigiteach agus intleacht shaorga, san innealtóireacht agus san fhoirgníocht, sa chúram sláinte agus i bpoist ghlasa (a bhaineann leis an aeráid) atá na ganntanais is seasta.

¹¹ Tá tuarascálacha ama bhfoilsíú ag Aonad SOLAS um Thaighde ar Scileanna agus ar an Margadh Saothair le fáil [anseo](#).

- 28.27** Tá an Roinn ag súil go neartóidh Faireachlann Náisiúnta Scileanna nua atá beartaithe córas faisnéise scileanna na hÉireann.¹² Is é an aidhm atá leis sin feabhas a chur ar sholáthar scileanna don todhchaí agus freagairtí oideachais agus oiliúna a sholáthar ar bhealach níos cruinne agus níos fadbhreathnaithí.
- 28.28** Ar an leibhéal idirnáisiúnta, cuireann ECFE fianaise chomparáideach ar fáil trína thuarascálacha ar scileanna agus ar an margadh saothair, ina dtugtar léargas ar threochtaí domhanda amhail éileamh ar scileanna, ganntanais, agus tionchar athruithe struchtúracha amhail an digiteáil agus an t-aistriú glas. Cuidíonn na hanailísí sin freisin le feidhmíocht na hÉireann a chur i gcomparáid le tíortha eile agus le rioscaí agus deiseanna atá ag teacht chun cinn a shainaithint.
- 28.29** I gcás na hÉireann, tarraingíonn ECFE aird ar rátaí folúntas an-ard i bpoist TFC agus i bpoist ghlasa (m.sh. tá ráta na bhfolúntas TFC níos mó ná dhá oiread mheánráta na bhfolúntas i ngach earnáil). Sainaithníonn sé an digiteáil mar phríomhspreagadh athraithe i saol na hoibre. Chomh maith le hathruithe déimeagrafacha, comhshaoil agus eacnamaíocha domhanda, tá teicneolaíochtaí digiteacha ag athrú post, riachtanas scileanna agus éileamh an mhargaidh saothair.
- 28.30** Sainaithníodh ganntanais scileanna sna hearnálacha céanna arís agus arís eile i bhfeasacháin náisiúnta scileanna SOLAS agus ina thuarascálacha bliantúla ar fholúntais ar deacair iad a líonadh, go príomha de dheasca easpa iarrthóirí a bhfuil na scileanna cuí acu. Léiríonn na torthaí go bhfuil éileamh láidir ar na scileanna sin: tá fostóirí ag tairiscint tuarastail atá ag éirí níos airde agus ag glacadh le leibhéil níos ísle taithí mar fhreagairt ar dheacrachtaí earcaíochta.
- 28.31** Tuairiscíonn ECFE go bhfuil rátaí folúntas do phoist ghlasa in Éirinn 82% níos airde, ar an meán, ná mar atá siad do phoist in earnálacha eile.¹³ Tá an t-aistriú aeráide ag éirí ina phríomhspreagadh éilimh ar scileanna, ar aon dul leis an digiteáil. Léiríonn taighde a rinne Aonad SOLAS um Thaighde ar Scileanna agus ar an Margadh Saothair le déanaí go dteastaíonn leibhéal éigin scileanna glasa le haghaidh 75% den fhostaíocht in Éirinn anois, rud a léiríonn an tábhacht mhéadaitheach atá ag baint leis an inbhuanaitheacht i ngach earnáil den gheilleagar.¹⁴
- 28.32** Fuair ECFE amach go bhfuil neamhréir idir na scileanna atá ag 34% d'oibrithe agus na scileanna a theastaíonn dá bpoist. Léiríonn taighde SOLAS gur gné den mhargadh saothair iad an easpa scileanna (ní féidir leis an oibrí riachtanais an phoist a chomhlíonadh) agus an iomarca scileanna (ní bhaintear dóthain úsáide as scileanna an oibrí) araon. Dá bhrí sin, ní bhaineann an imní le ganntanais scileanna amháin — baineann sí freisin leis an gcaoi a leithdháiltear agus a n-úsáidtear na scileanna atá ann cheana.

12 Tá bunú Faireachlainne Náisiúnta Scileanna ar cheann de na nithe atá le cur i gcrích faoin [Straitéis Náisiúnta Dhigiteach agus IS 2030](#), a foilsíodh i mí Feabhra 2026.

13 [Cruthú Post agus Forbairt Eacnamaíoch Áitiúil 2024 – Nótaí Tíre: Éire](#), ECFE, Samhain 2024.

14 [Feasachán Scileanna an Earraigh 2025. An bhfuil Éire Fíorghlas? Poist agus Scileanna Glasa a Thomhas i Margadh Saothair na hÉireann](#).

Soláthar a bhfuil éileamh mór air a leathnú

- 28.33** Tá an tacaíocht bhliantúil ón rialtas do phrintíseachtaí, arbh fhiú breis agus €410 milliún í i gcróimhaoiniú in 2026, tar éis níos mó ná dúbailt ó 2020 i leith. Ó 2020 go 2025, tháinig méadú 59% ar líon na bprintíseach, go dtí os cionn 31,000.
- 28.34** Tá an infheistíocht in 2026 ag tacú le leathnú na hacmhainne oiliúna, lena n-áirítear beagnach 1,600 áit phrintíseachta ar fud réimsí a bhfuil éileamh mór orthu, amhail an leictreachas, an tsiúinéireacht, an mheicnic agus an phluiméireacht. Tacaíonn an infheistíocht sin freisin le leanúint de na háiteanna breise a tugadh isteach in 2024 agus 2025.
- 28.35** Tá cláir a bhfuil éileamh mór orthu (go háirithe printíseachtaí, foirgníocht, scileanna digiteacha agus scileanna glasa) á leathnú ar fud na tíre, ach tá an méadú míchothrom agus tá dúshlán ann fós soláthar a chur in oiriúint don éileamh i réimsí fáis de réir mar a thagann sé chun cinn.
- 28.36** San iomlán, glacadh breis agus 400,000 áit BOO in 2024.¹⁵ Tá méadú ceathrú cuid tagtha ar líon na bhfoghlaimoirí ó 2022 i leith. Tá fás láidir tagtha ar réimsí amhail an digiteáil, an inbhuanaitheacht agus an róbataic tríd an gclár *Scileanna chun Dul Chun Cinn* agus tríd an bhfoghlaim ar líne. In 2024, tháinig méadú 38% ar líon na bhfoghlaimoirí ar leith a chláraigh in eCollege i gcomparáid le 2022.
- 28.37** Le céim 2 den leathnú ar an acmhainn oiliúna do phrintíseachtaí, méadaíodh faoi 45% in 2024 líon na bprintíseach a d'fhéadfadh páirt a ghlacadh sa chéad chéim oiliúna lasmuigh den láthair oibre, lena n-áirítear foghlaim phraiticiúil i gceardlann agus sa seomra ranga. Dúirt an Roinn go raibh an leathnú sin ina fhreagairt tosaíochta beartais chun dul i ngleic le riaráistí móra, a bhí ag dul i méid, de dheasca cur isteach a bhain le Covid. Mar thoradh ar an méadú suntasach ar líon na gclárúcháin printíseachta in 2024, bhí gá le bonneagar breise, m.sh. áiseanna oiliúna, trealamh, acmhainn ceardlann agus teagascóirí, agus comhordú le fostóirí. I bhfianaise an dlúthchaidrimh idir gníomhaíocht phrintíseachta agus an geilleagar i gcoitinne, tá an córas sin fogair d'athruithe ar éileamh fostóirí agus do thurraingí eacnamaíocha níos leithne.

- 28.38** Dúirt an Roinn go gcaithfeadh an córas a bheith in ann freagairt d'éileamh fostóirí toisc go bhfeidhmíonn printíseachtaí ceirde ar bhonn an éilimh.¹⁶ Dúirt sí go bhfuil pleanáil ar bun chun an córas printíseachta a leathnú d'fhonn sprioc an rialtais de 12,500 clárúchán sa bhliain faoi 2030 a bhaint amach, agus dhá thrian díobh sin sna hearnálacha ceardaíochta agus foirgníochta.

Soláthar BOO — infhaighteacht agus acmhainn oiliúna

- 28.39** Léiríonn soláthar na gclár BOO an treo straitéiseach náisiúnta a leagann SOLAS síos agus an phleanáil áitiúil a dhéanann na boird oideachais agus oiliúna aonair (féach Fíor 28.5).

Cláir a thairgtear agus tosaíochtaí earnála sainaitheanta

- 28.40** Ar leibhéal an chórais, tá sainordú ag BOO freagairt do thosaíochtaí náisiúnta eacnamaíocha agus scileanna.¹⁷ Oibríonn SOLAS le fostóirí agus le páirtithe leasmhara réigiúnacha chun a chinntiú go bhfreagraíonn cláir do riachtanais scileanna atá ag athrú go tapa, lena n-áirítear an digiteáil, an t-athrú aeráide agus an t-athrú déimeagrafach.

¹⁵ Féadfaidh foghlaimoirí aonair níos mó ná áit BOO amháin a ghlacadh in aon bhliain amháin mar thoradh ar fhad gearr nó ar chineál páirtaimseartha roinnt cúrsaí. Bhí líon na bhfoghlaimoirí ar leith in 2024 beagán os cionn 230,000.

¹⁶ Dúirt SOLAS go ndéantar réamhaisnéis ar an éileamh amach anseo ar phrintíseachtaí ceirde chun bonn eolais a chur faoin bpleanáil agus faoin acmhainn a fhorbairt nuair is gá.

¹⁷ Tá sainordú um ionchuimsiú sóisialta ag BOO freisin. Tacaíonn SOLAS le feabhas a chur ar rochtain ar BOO agus ar rannpháirtíocht ann do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht.

- 28.41** Bíonn cinntí maidir le hacmhainn a leathnú nó a mhéadú i gcláir BOO a bhfuil éileamh mór orthu bunaithe ar mheascán tosca m.sh. faisnéis faoin margadh saothair, tosaíochtaí beartais, sonraí faoi fheidhmíocht an chórais agus éileamh foghlaimeoirí. Cuirtear leathnú na gclár i bhfeidhm thar roinnt blianta chun inbhuanaitheacht agus tionchar a chinntiú.

Fíor 28.5 Róil SOLAS agus na mbord oideachais agus oiliúna agus soláthar BOO á chinneadh

Réimse	Ról SOLAS	Ról na mbord oideachais agus oiliúna
Treo straitéiseach	Forbraíonn agus molann sé straitéis náisiúnta BOO	Cuireann siad an soláthar áitiúil i gcomhréir leis an straitéis náisiúnta
Spriocanna feidhmíochta	Comhaontuithe feidhmíochta straitéisí le gach bord oideachais agus oiliúna	Baineann siad amach na spriocanna agus na tosaíochtaí atá sna comhaontuithe feidhmíochta straitéisí
Maoiniú	Leagann sé amach na riachtanais bhliantúla mhaoinithe agus na leithdháiltí maoinithe	Forbraíonn siad buiséid agus leithdháileann siad acmhainní ar na cláir éagsúla
Pleanáil	Déanann sé athbhreithniú ar an gcuid de phleananna seirbhíse bliantúla na mbord oideachais agus oiliúna a bhaineann le BOO	Forbraíonn siad pleananna seirbhíse bliantúla, lena n-áirítear soláthar BOO
Anailís ar riachtanais	Úsáideann sé sonraí náisiúnta faoi foghlaimeoirí, cláir agus an margadh saothair	Sainnaithníonn siad riachtanais foghlaimeoirí agus fostóirí áitiúla agus riachtanais an mhargaidh saothair réigiúnaigh
Tuairisciú agus monatóireacht airgeadais	Déanann sé athbhreithnithe airgeadais i lár na bliana, sa 3ú ráithe agus ag deireadh na bliana	Tuairiscíonn siad ar an soláthar agus coigeartaíonn siad é de réir mar is gá
Rialachas agus formhaoirseacht	Déanann sé formhaoirseacht ar mhaoiniú agus ar fheidhmíocht BOO	Formheasann siad cinntí cláir trí bhainistíocht shinsearach agus bord rialaithe na mbord oideachais agus oiliúna
Solúbthacht	Déanann sé monatóireacht ar threochtaí ar fud an chórais agus coigeartaíonn sé tosaíochtaí le himeacht ama	Féadfaidh siad an soláthar a leasú le linn na bliana mar fhreagairt ar éileamh atá ag teacht chun cinn

Foinse: SOLAS. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

- 28.42** Sainaitnítear riachtanais scileanna ríthábhachtacha trí anailís náisiúnta agus réigiúnach ar an margadh saothair, lena n-áirítear measúnuithe ar riachtanais scileanna, rannpháirtíocht fostóirí agus fianaise ó chomhlachtaí amhail Aonad SOLAS um Thaighde ar Scileanna agus ar an Margadh Saothair agus na Fóraim Réigiúnacha Scileanna. Léiríonn an fhaisnéis sin na hearnálacha agus na gairmeacha ina bhfuil ganntanais scileanna agus cuireann sí bonn eolais faoi na réimsí ar cheart tús áite a thabhairt dóibh agus cláir á leathnú.
- 28.43** Is breithnithe tábhachtacha iad tosaíochtaí earnála (m.sh. scileanna digiteacha, scileanna glasa, foirgníocht agus innealtóireacht) i bpleanáil BOO agus i soláthar clár.
- 28.44** Mar fhreagairt ar riachtanais scileanna glasa atá ag teacht chun cinn, d'fhoilsigh SOLAS an chéad straitéis náisiúnta BOO don aistriú glas i mí Dheireadh Fómhair 2024.¹⁸ Cuireann sí bealaí ar fáil d'oibrithe i dtionscail atá dian ar charbón nó atá leochaileach chun a ngairm a athrú, scileanna nua a fhoghlaim nó uasoiliúint a dhéanamh d'fhonn poist ghlasa sheasmhacha fhadtéarmacha a fháil, m.sh. pluiméirí traidisiúnta a mhúineadh chun teaschaidéil a shuiteáil, nó meicneoirí gluaisteán a mhúineadh chun oibriú ar fheithiclí leictreacha.
- 28.45** Tugann SOLAS cláir spriocdhírthe isteach atá ailínithe le riachtanais atá ag teacht chun cinn. Mar shampla, seoladh clár nua micridhintiúr in 2024, ina gcuirtear cúrsaí gearra uasoiliúna a bhfuil fóirdheontas ina leith ar fáil faoin tionscnamh *Scileanna chun Dul Chun Cinn*. Baineann na cáilíochtaí a chuirtear ar fáil le disciplíní atá ag teacht chun cinn agus a bhfuil éileamh mór orthu, amhail scileanna digiteacha, scileanna glasa, ard-déantúsaíocht agus litearthacht aeráide.
- 28.46** Tá fianaise ann freisin go bhfuil soláthar BOO ag freagairt do ghanntanais saothair sa tionscal foirgníochta. Mar shampla, leathnaíodh cláir i réimsí amhail iarfheistiú, modhanna nua-aimseartha foirgníochta agus teicneolaíochtaí tógála inbhuanaithe.
- 28.47** Cinneadh acmhainn na gclár printíseachta a leathnú in 2024 ar bhonn athbhreithniú ar acmhainn printíseachta ar fud an chórais, lena n-áirítear liostaí feithimh printíseachta 2024, réamh-mheastacháin 2025 ar an éileamh agus an acmhainn a bhí ann cheana nó a bhí beartaithe a leathnú. Sainaitníodh san athbhreithniú sin easnaimh dhóchúla san acmhainn i roinnt clár printíseachta.¹⁹
- 28.48** Tar éis an athbhreithnithe, d'iarr SOLAS ar na boird oideachais agus oiliúna tograí a chur isteach maidir le hacmhainn bhreise ceardlann i gcláir shainaitheanta a bhfuil éileamh mór orthu. Cheadaigh SOLAS ceithre thionscadal ina dhiaidh sin, agus tá dhá cheann díobh ag dul chun cinn faoi láthair. Dúirt SOLAS go raibh sé beartaithe leis an dá thionscadal 28 n-áit a chur leis an acmhainn oiliúna printíseachta sa phluiméireacht agus 24 áit a sholáthar sa mheicnic feithiclí troma.

¹⁸ [scileanna glasa 2030](#). An 1ú Straitéis Náisiúnta Breisoideachais agus Oiliúna (BOO) don Aistriú Glas, Deireadh Fómhair 2024.


¹⁹ Ba iad na réimsí cláir a sainaitníodh ná pluiméireacht, cuisniú agus aerchóiriú, uathobriú meicniúil agus feistiú cothabhála, gléasra foirgníochta agus meicnic feithiclí troma.

Leithdháileadh maoinithe

- 28.49** Leithdháileann SOLAS maoiniú ar bhoird oideachais agus oiliúna aonair faoi cheannteidil leathana mhaoinithe agus catagóirí clár, agus é ag súil go ndéanfaidh na boird oideachais agus oiliúna an maoiniú a dháileadh ansin de réir tosaíochtaí áitiúla agus riachtanais oibríochtúla (féach larscríbhinn 28A).

- 28.50** I gcás 2025, leithdháileadh beagán os cionn €1.07 billiún ar na boird oideachais agus oiliúna faoi cheannuidil mhaoinithe éagsúla. Baineann an chuid is mó (€364 milliún in 2025) le conairí BOO, a thacaíonn le raon leathan tionscnamh, lena n-áirítear an *Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais*, chomh maith le cláir a bhaineann le soláthar don óige, oideachas pobail agus litearthacht aosach (féach Fíor 28.6).

Fíor 28.6 Leithdháiltí faoi cheannuidil mhaoinithe breisoideachais agus oiliúna, 2025



Foinse: SOLAS. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: ^a Déantar socrú do na costais tacaíochta a bhaineann le soláthar na gcatagóirí cláir.

- 28.51** Dúirt SOLAS go mbíonn leithdháiltí maoinithe ar réimsí clár bunaithe ar líon na bhfoghlaimoirí ceadaithe, ar leibhéil soláthair roimhe seo, ar shocrúithe maoinithe bonnlíne, ar fhad na gclár agus ar chostais aonaid, mar aon le tosaíochtaí beartais náisiúnta agus coinníollacha maoinithe.²⁰

20 Féadfar sruthanna maoinithe áirithe a chur i leataobh do thionscnaimh shonracha (m.sh. cláir Bhéarla do Chainteoirí Teangacha Eile nó cláir Reach), agus leithdháileadh agus tuairisciú ar leith ag teastáil ina leith.

- 28.52** Laistigh de gach bord oideachais agus oiliúna, bíonn tionchar ag éileamh foghlaimoirí, liostaí feithimh, riachtanais an mhargaidh saothair, rannpháirtíocht fostóirí, acmhainn foirne agus gealltanais atá sna Pleananna Seirbhíse Boird Oideachais agus Oiliúna ar chinntí maoinithe.²¹

- 28.53** Níl aon fhianaise ann faoi láthair ar shamhail shainithe thrédhearcach leithdháilte ina bhfuil critéir ualaithe shainráite. D'fhéadfadh sé sin teorainn a chur le comhsheasmhacht agus inchomparáideacht idir boird oideachais agus oiliúna agus é a dhéanamh níos deacra a fheiceáil an chaoi a mbaintear cothromaíocht amach idir tosaíochtaí iomaíocha sa chleachtas.

- 28.54** Dúirt na boird oideachais agus oiliúna a cuireadh faoi agallamh leis an bhfoireann scrúdúcháin go mbíonn leithdháiltí maoinithe bliantúla fós faoi thionchar mór bonnlínte stairiúla agus tosaíochtaí arna gcinneadh go lárnach, agus nach mbíonn ach solúbthacht theoranta ann ar an leibhéal áitiúil, in ainneoin gur tugadh isteach an struchtúr de chúig cheannuideal maoinithe. Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar an spleáchas ar phatrúin maoinithe bonnlíne ná patrúin maoinithe atá ann cheana a choinneáil ar bun, seachas freagairt go solúbtha do riachtanais scileanna atá ag teacht chun cinn.

21 Is doiciméid phleanála bliantúla nó ilbhliantúla iad na Pleananna Seirbhíse BOO a ullmhaíonn na boird oideachais agus oiliúna dá seirbhísí BOO. Mínítear iontu na cláir BOO a sholáthróidh na boird oideachais agus oiliúna, cé dóibh a bhfuil na cláir dírithe, cad iad na tosaíochtaí agus na spriocanna atá ag na boird oideachais agus oiliúna, conas a úsáidfear maoiniú agus acmhainní, agus conas a dhéanfar monatóireacht agus meastóireacht ar thorthaí.

28.55 Cé go mbailítear sonraí ar leibhéal na gclár trí PLSS agus trí chóras TF ar leith do phrintíseachtaí, úsáidtear na sonraí sin go príomha le haghaidh monatóireachta agus formhaoirseachta seachas mar bhonn eolais do leithdháilte maoinithe ar bhoird oideachais agus oiliúna.

28.56 Ní chuireann SOLAS modh leithdháilte díreach réigiúnach ná déimeagrafach i bhfeidhm agus maoiniú BOO á dháileadh. Ní leithdháiltear maoiniú de réir líon an daonra, déimeagrafaic réigiúnach ná innéacsanna díothachta. Ina ionad sin, cuireann na boird oideachais agus oiliúna tosca réigiúnacha a bhaineann le riachtanais agus déimeagrafaic san áireamh go hindíreach. Mar sin féin, úsáidtear réamh-mheastacháin daonra chun éileamh foghlaimoirí a aithint agus chun eolas a dhéanamh do phleanáil, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar leithdháileadh maoinithe agus ar sholáthar clár.

Athbhreithniú ar an tsamhail maoinithe BOO

28.57 Thug athchóiriú mór ar an tsamhail maoinithe BOO in 2022 córas isteach a bhí níos solúbtha agus níos dírithe ar thorthaí.²² Ba é an smaoineamh ná nach mbeadh an maoiniú ceangailte go docht a thuilleadh le líon na gcúrsaí a bhí beartaithe roimh ré, ach go mbeadh sé nasctha níos mó le héileamh na bhfoghlaimoirí, le torthaí agus le feidhmíocht an chórais. Is é an rún gur féidir leis an maoiniú athrú le himeacht ama de réir an éilimh agus na leibhéal gníomhaíochta.

28.58 Rinne an t-athbhreithniú ocht moladh a raibh sé mar aidhm leo éifeachtacht, trédharcacht agus inbhuanaitheacht an chur chuige maoinithe a fheabhsú. Faoi mhí an Mheithimh 2026, ní raibh na moltaí curtha i bhfeidhm go hiomlán fós (féach Fíor 28.7)

28.59 Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail maoinithe, bunaíodh cúig cheannteideal maoinithe agus catagóirí cláir nua, agus rinneadh iad a mhapáil ar theimpléid mhaoinithe BOO. Mar sin féin, dúirt na boird oideachais agus oiliúna ar chuir an fhoireann scrúdúcháin agallamh orthu go bhfuil córais chomhthreomhara (is iad sin, córais oidhreachtacha agus córais nua) fós á bhfeidhmiú acu go héifeachtach, rud a fhágann go mbíonn dúbláil agus castacht i gceist.

²² [Athbhreithniú ar an tsamhail Maoinithe Breisoideachais agus Oiliúna](#), Meitheamh 2022.

Fíor 28.7 Athbhreithniú ar shamhail maoinithe BOO 2022: stádas na moltaí

Moladh	Stádas a chur i bhfeidhm, Meitheamh 2026
Dul chun cinn i dtreo struchtúr maoinithe cuíchóirithe ina maoinítear na boird oideachais agus oiliúna trí chúig cheannteideal ar leith, rud a chuireann níos mó uathrialach agus solúbthachta ar fáil.	 Cé gur tugadh isteach na cúig chiste, baineann Boird oideachais agus oiliúna úsáid as samhlacha reatha agus nua araon, rud a léiríonn go mbíonn an t-aistriú ar siúl i gcónaí.
Ba cheart do SOLAS agus don earnáil BOO sainmhínte comhroinnte maidir le húsáid na samhla maoinithe leis na spriocanna gaolmhara a chomhaontú agus iad a chumhdach sna comhaontuithe feidhmíochta straitéisí (SPAnna).	 Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le spriocanna agus sainmhínte nua a fhorbairt a bhaineann leis an gcéad babhta eile de SPAnna.
Ba cheart ualuithe a úsáid chun cuntas a thabhairt ar éagsúlachtaí i ndéine acmhainní, i gcostas agus i dtionscnaimh straitéiseacha.	 Ní féidir dul ar aghaidh go dtí go mbeidh na boird oideachais agus oiliúna uile ag baint úsáid as cairt chaighdeánach cuntas.
Beidh tuairisciú agus monatóireacht chliste, bunaithe ar shonraí, trí úsáid a bhaint as PLSS mar bhunús leis an tsamhail nua maoinithe. Leithdháilfear maoiniú bunaithe ar ionchur agus ar anailís chruinn ar shonraí PLSS.	 Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le foirmeacha sonraí na bhfoghlaimoirí a fheabhsú agus sonraí PLSS a mhapáil le sonraí airgeadais.
Ba cheart maoiniú atá bunaithe ar thorthaí a chur i bhfeidhm ar bhonn líon na bhfoghlaimoirí a chríochnaigh an cúrsa sa bhliain roimhe sin. Beidh soláthar agus maoiniú BOO á stiúradh ag éileamh na bhfoghlaimoirí agus ag riachtanais shocheacnamaíocha.	 Cé go raibh maoiniú d'fhorbairt agus do chlaochlú an lucht saothair in 2025 nasctha le "critéir maidir le fás torthaí agus bainistíocht bhuiséid", níl aon chomhartha ann go bhfuil sé á chur i bhfeidhm go hiomlán ar fud na samhla maoinithe.
Cuirfear réitigh mhaoinithe shaincheaptha i bhfeidhm a aithníonn tréithe uathúla BOO, lena n-áirítear soláthar printíseachta agus Ógtheagmhála agus beidh bearta cainníochtúla agus cáilíochtúla i bhfeidhm chun a chinntiú go ndíreofar ar thorthaí agus ar thionchar.	 Léirítear catagóirí clár agus socruithe maoinithe ar leith do sholáthar na bprintíseachtaí agus do sholáthar Ógtheagmhála i mapáil na gclár, ach níl aon chomhartha ann go bhfuil na bearta saincheaptha agus na creataí torthaí uile á gcur i bhfeidhm go hiomlán.
Tacóidh pleanáil straitéiseach ilbhliantúil leis an gcur chuige nua maoinithe, a comhaontaíodh agus a chuirtear i bhfeidhm trí na SPAnna.	 Á fhorbairt.
Comhchuihiú clár ar fud an tsoláthair BOO ar fad, le fócas ar fhorbairt cúrsaí atá solúbtha agus in ann freagairt do riachtanais réigiúnacha, chomh maith le brandáil níos comhtháite ar chúrsaí i gcomhréir leis an straitéis BOO amach anseo.	 Tá obair chomhchuihithe clár curtha i gcrích trí chlár oidhreachta a mhapáil chuig na catagóirí clár nua.
 Curtha i bhfeidhm  Curtha i bhfeidhm go páirteach  Gan a bheith curtha i bhfeidhm	

Foinse: SOLAS agus na boird oideachais agus oiliúna. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Comhaontuithe feidhmíochta

- 28.60** Baineann na comhaontuithe feidhmíochta straitéisí (SPANna) is déanaí idir SOLAS agus gach ceann de na 16 bhord oideachais agus oiliúna leis an tréimhse 2022 – 2024.²³ Dá bharr sin, níl aon chomhaontú feidhmíochta cuimsitheach i bhfeidhm faoi láthair a leagann amach tosaíochtaí straitéiseacha, spriocanna agus ionchais feidhmíochta chomhaontaithe don earnáil. D'fhéadfadh sé sin teorainn a chur leis an gcumas feidhmíocht reatha a mheas i gcomparáid le cuspóirí a comhaontaíodh ar leibhéal náisiúnta agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn laistigh de chreat straitéiseach atá sainithe go soiléir.
- 28.61** Dúirt SOLAS nár cuireadh comhaontuithe feidhmíochta i bhfeidhm le linn 2025 toisc go raibh straitéis nua BOO á forbairt. Go dtí go gcríochnófar an straitéis, d'iarr SOLAS ar na boird oideachais agus oiliúna leanúint de bheith ag feidhmiú laistigh de na socruithe maoinithe agus tuairiscithe atá bunaithe cheana féin. Ó foilsíodh an straitéis nua BOO i mí na Bealtaine 2026, tá obair ar siúl chun sraith nua de bhearta, spriocanna agus sainmhínithe feidhmíochta straitéisí a fhorbairt chun tacú le comhaontuithe feidhmíochta amach anseo. Tá coinne ag SOLAS go mbeidh comhaontuithe feidhmíochta nua i bhfeidhm faoi dheireadh 2026.

Sonraí faoi fhoghlaimoirí agus faoi thorthaí

- 28.62** Is beag dul chun cinn atá déanta maidir le sonraí PLSS agus sonraí airgeadais a mhapáil agus bailiú sonraí faoi fhoghlaimoirí a fheabhsú. Thuairiscigh boird oideachais agus oiliúna aonair fadhbanna oibríochtúla, lena n-áirítear córais dhícheangailte, neamhábaltacht tuarascálacha iontaofa a ghiniúint, córais dhúbhlacha, spleáchas ar scarbhileoga agus easpa bonneagair sonraí comhtháite.
- 28.63** Cé gur léirigh an tsamhail maoinithe athbhreithnithe feabhas a bhfuiltear an-sásta leis ar shocruithe roimhe seo, dúirt na boird oideachais agus oiliúna roghnaithe a ndearna an fhoireann scrúdúcháin agallamh leo go bhfuil an cur i bhfeidhm neamhiomlán fós agus go bhfuil roinnt dúshlán oibríochtúil ann fós. Léirigh na boird oideachais agus oiliúna go bhfuil sé fós deacair sonraí iontaofa faoi fhoghlaimoirí agus faoi chríochnú a bhaint amach agus nach bhfuil na córais atá ann cheana in ann tacú go hiomlán le maoiniú atá bunaithe ar thorthaí go fóill. Chuir siad béim freisin ar an éiginnteacht leanúnach maidir le ceaduithe, moilleanna ar cheadú foirne agus ceanglais riaracháin, agus leanann bealaí iomadúla tuairiscithe agus struchtúir clár atá ann le fada ag cur isteach ar an gcumas pleanála fadtéarmaí agus ag méadú na castachta oibríochtúla.
- 28.64** Tríd is tríd, léiríonn an fhianaise a bailíodh nach bhfuil cur i bhfeidhm na moltaí ó athbhreithniú shamhail maoinithe 2022 críochnaithe go fóill. Cé gur tugadh gnéithe den tsamhail leasaithe isteach, go háirithe an struchtúr ina bhfuil cúig cheannteideal maoinithe — thuairiscigh na boird oideachais agus oiliúna roghnaithe nár baineadh amach go hiomlán fós go leor de na cuspóirí straitéiseacha níos leithne a bhain leis an athbhreithniú, lena n-áirítear maoiniú atá bunaithe ar thorthaí, pleanáil ilbhliantúil, córais chomhtháite agus nósanna imeachta tuairiscithe simplithe.

23 Tá SPA ina chomhaontú foirmiúil idir SOLAS agus gach bord oideachais agus oiliúna ina leagtar amach na príomhthosaíochtaí straitéiseacha, na spriocanna agus na hionchais feidhmíochta don earnáil oideachais agus oiliúna thar thréimhse shainithe. Is é is aidhm don chomhaontú cuspóirí beartais náisiúnta a ailíniú le gníomhaíochtaí BOO agus cuireann sé creat ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht, cuntasacht agus soláthar na dtorthaí comhaontaithe. Féach [comhaontuithe feidhmíochta straitéisí 2022 – 2024](#).

Cinntí maoinithe agus straitéisí náisiúnta

- 28.65** Caithfidh cinntí maidir le hacmhainn a mhéadú a bheith ag teacht leis an straitéis BOO agus le straitéisí náisiúnta ábhartha eile, m.sh. Litearthacht Aosach don Saol, Scileanna Glasa 2030 agus an Plean Gníomhaíochta do Phrintíseachtaí.²⁴ Tá sé beartaithe cuspóirí straitéiseacha náisiúnta a aistriú ina dtosaíochtaí agus spriocanna sonracha BOO trí SPAnna, ina leagtar síos torthaí ionchais agus bearta feidhmíochta atá nasctha leis an straitéis BOO reatha.²⁵
- 28.66** Déantar monatóireacht ar an ailíniú trí shocruithe bainistíochta feidhmíochta, lena n-áirítear deaiseanna beo, tuarascálacha bliantúla feidhmíochta maidir leis na SPAnna, agus athbhreithnithe airgeadais a dhéantar i lár na bliana, ag deireadh mhí Mheán Fómhair agus ag deireadh na bliana.
- 28.67** Tugann SOLAS dá aire go bhfuil creat ionchuir-aschuir-torthaí á fhorbairt aige faoi láthair chun a léiriú ar bhealach níos fearr conas a aistrítear maoiniú ina aschuir agus ina dtorthaí straitéiseacha. Cé go mbíonn cinntí maoinithe bunaithe ar chuspóirí na straitéise náisiúnta, níl tomhas an tionchair dhírigh a bhíonn ag an maoiniú ar thorthaí straitéiseacha aibí go hiomlán fós.

Cinntí maoinithe agus éileamh na bhfoghlaimoirí

- 28.68** Bailítear agus rianaítear sonraí faoi fhoghlaimoirí ar PLSS don soláthar BOO. Tá córas TF ar leith ann freisin, go sonrach le haghaidh printíseachtaí. Déanann na córais sin sonraí a thaifeadadh maidir le líon agus cineál na gcúrsaí a chuirtear ar fáil, clárú agus rannpháirtíocht na bhfoghlaimoirí, chomh maith le cúrsaí críochnaithe agus deimhnithe.
- 28.69** Úsáideann SOLAS sonraí maidir le héileamh na bhfoghlaimoirí chun eolas a chur ar fáil do chinntí maoinithe BOO agus chun tacú leo, seachas iad a úsáid mar bhunús díreach, bunaithe ar fhoirmle, chun leithdháiltí maoinithe a chinneadh.
- 28.70** Cuirtear éileamh na bhfoghlaimoirí agus feidhmíocht clár san áireamh agus cinntí á ndéanamh maidir le leanúint le cúrsa nó maidir le hé a leathnú nó a dhúnadh. Mar sin féin, léirigh na boird oideachais agus oiliúna roghnaithe an tuairim go bhfuil leithdháiltí maoinithe fós bunaithe den chuid is mó ar an stair; agus leag siad béim ar theorainneacha i gcórais sonraí, socruithe tuairiscithe ilroinnte agus easpa sonraí comhtháite airgeadais agus foghlaimoirí.

Cinntí maoinithe agus torthaí críochnaithe

- 28.71** Liostaigh SOLAS agus na boird oideachais agus oiliúna feidhmíocht clár, torthaí foghlaimoirí agus dul chun cinn mar thosca a chuirtear san áireamh agus soláthar á athbhreithniú agus cinntí á ndéanamh maidir le leanúint le clár nó le hiad a chomhdhlúthú nó scor díobh.
- 28.72** Chun feidhmíocht clár a mheas, úsáideann na boird oideachais agus oiliúna méadracht amhail rátaí críochnaithe cúrsa, torthaí deimhniúcháin, dul chun cinn foghlaimoirí isteach i bhfostaíocht, leibhéil earcaíochta, ábharthacht straitéiseach agus luach ar airgead. Thug na boird oideachais agus oiliúna roghnaithe samplaí don fhoireann scrúdúcháin inar leasaíodh cúrsaí nach raibh ag feidhmiú go maith nó a raibh éileamh íseal orthu nó inar scoireadh díobh.

²⁴ Is straitéis deich mbliana í [Litearthacht Aosach don Saol](#) maidir le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach do dhaoine fásta; is í [Scileanna Glasa 2030](#) an chéad Straitéis Náisiúnta Breisoideachais agus Oiliúna (BOO) don Aistriú Glas; [Plean Gníomhaíochta don Phrintíseacht 2021–2025](#).

²⁵ Seoladh an [straitéis BOO reatha \(agus an tríú ceann\) 2026 – 2030](#) i mí na Bealtaine 2026.

- 28.73** Mar sin féin, ós rud é nach bhfuil an córas sonraí foghlaimoírí bunúsach comhtháite leis an gcóras airgeadais, ní féidir sonraí caiteachais a nascadh go héasca le torthaí foghlaimoírí ná le sonraí críochnaithe ag leibhéal an chláir nó an chúrsa. Dúirt na boird oideachais agus oiliúna go mbeadh gá le méid suntasach oibre láimhe chun sonraí costais ar leibhéal an chúrsa a sholáthar.

Cinntí maoinithe agus bearnaí scileanna atá ag teacht chun cinn

- 28.74** Úsáideann SOLAS meascán d'fhaisnéis faoin margadh saothair, taighde agus sonraí scileanna sonracha, tuarascálacha agus anailís saincheaptha agus doiciméid phleanála straitéisí chun treo straitéiseach agus athruithe i maoiniú BOO a threorú.
- 28.75** Cuireann an tAonad Taighde ar Scileanna agus ar an Margadh Saothair tuarascálacha rialta ar fáil (m.sh. an feasachán náisiúnta scileanna, an suirbhé ar fholúntais atá deacair a líonadh, agus próifílí réigiúnacha ar an margadh saothair) a luaitear mar thaca le tosaíochtaí straitéiseacha agus cinntí maoinithe. Sainaitnítear sna tuarascálacha sin ganntanais atá ag teacht chun cinn, brúnna earnálacha agus éilimh athraitheacha ar an lucht saothair, go háirithe i réimsí amhail foirgníocht, cúram sláinte, scileanna digiteacha agus scileanna glasa.
- 28.76** In athbhreithniú 2022 ar an tsamhail maoinithe BOO, aithníodh an gá atá le hinfheistíocht spriocdhírithe atá ailínithe le héileamh an lucht saothair agus an cumas freagairt do thurraingí sa mhargadh saothair, d'iomarcaíochtaí agus d'athrú earnála. Léiríonn tabhairt isteach na samhla maoinithe nua iarracht struchtúrtha chun maoiniú a dhíriú ar riachtanais scileanna atá sainaitheanta.
- 28.77** Mar sin féin, léirigh na boird oideachais agus oiliúna go bhfuil cuid shuntasach den mhaoiniú ag teastáil chun costais sheasta a chomhlíonadh nó go bhfuil sé ceangailte le soláthar réamhcheadaithe, rud a chuireann srian ar a gcumas acmhainní a atreorú go tapa i dtreo riachtanais scileanna áitiúla nó réigiúnacha atá ag teacht chun cinn.
- 28.78** Cé go dtagraíonn SOLAS do chomhaontuithe feidhmíochta mar shásra trína ndéantar monatóireacht agus coigeartú ar thosaíochtaí an mhargaidh saothair le himeacht ama, tugann fianaise ó na boird oideachais agus oiliúna le fios go bhfuil laigí sa chreat sin. Mar shampla, ní raibh comhaontuithe don tréimhse reatha i bhfeidhm nó ní raibh siad ag feidhmiú mar a bhí beartaithe ar dtús. In éagmais comhaontuithe reatha nó comhaontuithe a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach, tá laghdú ar an bhfianaise go bhfuil sásra bainistíochta feidhmíochta gníomhach ann a nascann cinntí maoinithe le riachtanais scileanna atá ag athrú. Dúirt SOLAS, ar leithligh ó na comhaontuithe, go leanann na boird oideachais agus oiliúna de bheith ag freagairt do riachtanais scileanna áitiúla agus réigiúnacha agus go bhfuil tuairisciú agus rannpháirtíocht leanúnach clárshonrach ar siúl leis na boird oideachais agus oiliúna le linn na bliana.
- 28.79** Chomh maith leis sin, chuir na boird oideachais agus oiliúna roghnaithe srianta oibríochtúla níos leithne in iúl a chuireann teorainn leis an bhfreagrúlacht. Chuir siad síos ar dhúshláin a bhaineann le timthriallta maoinithe bliantúla, moilleanna ar cheadú maoinithe, srianta foirne agus dolúbthacht riaracháin, a laghdaíonn a gcumas soláthar a thabhairt isteach, a leathnú nó a mhodhnú go tapa mar fhreagairt ar éileamh atá ag teacht chun cinn sa mhargadh saothair.

An chaoi a gcuirtear oiliúint i bhfeidhm agus a soláthraítear í

Cláir nach bhfuil ag feidhmiú i gceart nó cláir lena mbaineann costas ard

- 28.80** Chuir SOLAS in iúl don fhoireann scrúdúcháin go n-aithníonn agus go n-athbhreithníonn sé cláir a bhfuil rátaí críochnaithe ísle acu trí mheascán de thuairisciú feidhmíochta ar fud an chórais, anailís atá bunaithe ar ghrúpa, lena n-áirítear grúpaí foghlaimeoirí leochaileacha, agus athbhreithnithe spriocdhírthe ar chláir agus ar sholáthar. Úsáidtear na sásraí sin le chéile chun fadhbanna feidhmíochta a thuiscint, cúiseanna bunúsacha a aithint, agus eolas a thabhairt do ghníomhartha ar leibhéal an chórais agus an chláir araon.
- 28.81** Déanann na boird oideachais agus oiliúna monatóireacht áitiúil ar sholáthar trí phróisis pleanála seirbhíse agus athbhreithnithe feidhmíochta inmheánacha. Féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar chláir nach bhfuil ag feidhmiú i gceart, mar a shainaithnítear trí chlárúcháin ísle, éileamh lag, nó aiseolas oibríochtúil, agus, i gcásanna áirithe, féadfar iad a athrú. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh leis na gníomhaíochtaí a dhéantar
- méid ranga nó glacadh isteach a laghdú
 - ábhar cúrsa nó modh soláthair a mhodhnú
 - soláthar a chumasc nó a athstruchtúrú
 - scor den chlár.
- 28.82** Mar sin féin, níl creat náisiúnta caighdeánaithe a nascann costas, déine soláthair agus torthaí foghlaimeoirí mar bhonn agus mar thaca ag an bpróiseas sin. Dá bhrí sin, tá teorainn leis an gcumas chun neamhéifeachtúlachtaí a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu go comhsheasmhach ar fud an chórais.
- 28.83** Chuir na trí bhord oideachais agus oiliúna roghnaithe in iúl don fhoireann scrúdúcháin go mbeadh sé deacair liostú cuimsitheach a chur le chéile de na cúrsaí uile a sholáthraítear, lena n-áirítear costais ghaolmhara chúrsa, clárú foghlaimeoirí agus sonraí críochnaithe, agus go mbeadh gá le han-chuid ionramháil láimhe sonraí. Cuireadh é sin i leith teorainneacha i gcomhtháthú sonraí foghlaimeoirí agus córas airgeadais, nach bhfuil ag idirghníomhú faoi láthair ar bhealach a thacaíonn le hanailís costais agus feidhmíochta ar leibhéal an chláir.

Rátaí críochnaithe cúrsa

28.84 Déantar rátaí críochnaithe a thaifeadadh go príomha trí PLSS agus déantar iad a thomhas trí líon na bhfoghlaimoirí a chríochnaíonn cúrsa nó a chríochnaíonn go páirteach é a chur i gcomparáid leis an líon a cláraíodh ar dtús.²⁶ Dúirt na boird oideachais agus oiliúna nach gá go léiríonn críochnú páirteach nó neamhchríochnú teip cláir mar gheall ar an méid seo a leanas

- tá seans ann nach gcríochnóidh foghlaimoirí ach na modúil is gá chun fostaíocht a fháil
- tá seans ann go bhfágfaidh foghlaimoirí cláir go luath tar éis dóibh poist a fháil
- tá roinnt clár deartha timpeall ar dhámhachtainí modúlacha nó aonadbhunaithe seachas cáilíochtaí iomlána
- tá seans ann go rachaidh turas an fhoghlaimeora thar roinnt blianta nó clár.

28.85 In 2024, bhí beagán os cionn 230,000 foghlaimoir uathúil cláraithe i gcúrsaí BOO. As na clárúcháin sin, chríochnaigh thart ar 181,000 foghlaimoir (79%) a gcúrsa(i) go páirteach nó go hiomlán. As na 181,000 cúrsa a chríochnaíodh, ba chríochnaithe deimhnithe iad thart ar 108,000 ceann (60%) díobh, i.e. deimhnithe ag comhlacht dámhachtana aitheanta san earnáil BOO.²⁷

Rátaí críochnaithe agus feidhmíocht clár

28.86 Úsáidtear rátaí críochnaithe go pointe áirithe chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht clár, ach tá fianaise teoranta ann go n-úsáidtear iad go córasach nó go seasta chun cinntí maoinithe nó leithdháiltí acmhainní a threorú ar fud an chórais BOO.

28.87 Déanann na boird oideachais agus oiliúna monatóireacht ar choinneáil foghlaimoirí, ar chríochnuithe agus ar thorthaí deimhniúcháin mar chuid dá bpróiseas idirphlé straitéisigh agus pleanála bliantúla. Is cosúil go bhfeidhmíonn rátaí críochnaithe go príomha mar bheart formhaoirseachta agus cuntasachta feidhmíochta seachas mar chinntitheach maoinithe díreach.

28.88 Níl sonraí costais ar fáil go comhsheasmhach go fóill i bhfoirm a thacaíonn go hiomlán le measúnú feidhmíochta córasach ar chinntí maoinithe ar leibhéal an chláir. Léiríonn sé sin an chastacht a bhaineann le costais chomhroinnte agus forchostais (m.sh. cóiríocht, fóntais, foireann agus costais eile a thabhaítear go lárnach) a leithdháileadh ar fud cláir aonair, chomh maith leis na teorainneacha reatha maidir le córais airgeadais agus sonraí foghlaimoirí a chomhtháthú le chéile.

28.89 Cé gur éirigh le bord oideachais agus oiliúna amháin faisnéis faoi chostas in aghaidh an fhoghlaimeora a sholáthar i gcás soláthair shonraigh, níl an leibhéal anailíse sin ar fáil go comhsheasmhach fós ar fud na réimsí cláir uile.

26 Tagraíonn críochnú iomlán d'fhoghlaimoirí a bhfuil 90% nó níos mó den chúrsa agus a riachtanais críochnaithe acu. Is éard is críochnú páirteach ann cás ina bhfuil níos mó ná 25% ach níos lú ná 90% den chúrsa agus a riachtanais críochnaithe ag foghlaimoir.

27 Le haghaidh tuilleadh eolais ar fhorbhreathnú náisiúnta ar rannpháirtíocht agus ar thorthaí foghlaimoirí BOO, féach an tuarascáil thréimhsiúil [This is FET Facts and Figures 2024](#).

Conclúidí agus moltaí

- 28.90** Tá leathnú suntasach tagtha ar an gcóras BOO le blianta beaga anuas agus tacaíonn réimse straitéisí náisiúnta agus anailís ar an margadh saothair leis atá beartaithe chun an soláthar a ailíniú le héileamh na bhfoghlaimeoirí agus le riachtanais scileanna an lucht saothair.

Éileamh ar BOO

- 28.91** Tá struchtúir agus sásraí anailíseacha suntasacha i bhfeidhm chun an t-éileamh reatha agus an t-éileamh réamh-mheasta amach anseo ar BOO a aithint. Aithnítear ganntanais leanúnacha lucht saothair san earnáil tógála, innealtóireachta agus cúram sláinte, i ngairmeacha digiteacha agus intleachta saorga, agus i scileanna glasa go seasta san anailís. Tá soláthar BOO leathnaithe go suntasach mar fhreagairt ar na tosaíochtaí sin, lena n-áirítear trí mhéadú ar acmhainn printíseachta. Mar sin féin, léiríonn brúnna leanúnacha ar acmhainn, liostaí feithimh printíseachta agus folúntais atá deacair a líonadh go bhfuil ganntanais scileanna ann fós in earnálacha áirithe. Léiríonn sé sin réimse tosa ar fud an chórais oideachais, oiliúna agus fostaíochta níos leithne agus ní féidir é a chur i leith an tsoláthair BOO amháin.

Soláthar BOO

- 28.92** Tá an soláthar BOO struchtúrtha timpeall ar mheascán de threoir straitéiseach náisiúnta ó SOLAS agus planáil áitiúil ag boird oideachais agus oiliúna. Bíonn SOLAS agus boird oideachais agus oiliúna ag plé le fostóirí, le geallsealbhóirí réigiúnacha agus le faisnéis faoin margadh saothair chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir le forbairt clár agus acmhainn.
- 28.93** Tá sé léirithe ag an gcóras BOO go bhfuil sé in ann soláthar a leathnú i réimsí ina bhfuil éileamh aitheanta, go háirithe trí phrintíseachtaí, tionscnaimh scileanna glasa, micreacháilíochtaí agus foghlaim ar líne. Mar sin féin, léiríonn an fhianaise freisin go bhfuil freagrúlacht an chórais srianta ag teorainneacha oibríochtúla agus struchtúracha. Leag na boird oideachais agus oiliúna aonair béim ar dhúshláin a bhaineann le ceaduithe foirne, timthriallta maoinithe bliantúla, acmhainn bonneagair agus solúbthacht teoranta chun acmhainní a atreorú go tapa nó soláthar nua a thabhairt isteach mar fhreagairt ar riachtanais scileanna réigiúnacha atá ag teacht chun cinn.
- 28.94** Go praiticiúil, is cosúil go dtarlaíonn leathnú clár de réir a chéile thar roinnt blianta seachas trí shásraí coigeartaithe meara. Leanann struchtúir clár stairiúla, socruithe oidhreachta agus samhlacha foirne seasta de bheith ag imirt tionchar ar an soláthar atá ann cheana. Dá réir sin, cé go léiríonn an córas intinn straitéiseach shoiléir an soláthar a ailíniú le héileamh an mhargaidh saothair, tugann an fhianaise le tuiscint go bhfuil srian fós ar an gcumas praiticiúil chun an soláthar a oiriúnú go tapa.

Athbhreithniú ar an tsamhail maoinithe

- 28.95** Breithníonn SOLAS réimse tosca agus maoiniú á leithdháileadh ar fud an chórais BOO, lena n-áirítear éileamh foghlaimeoirí, gníomhaíocht cláir, tosaíochtaí straitéiseacha, faisnéis faoin margadh saothair agus patrúin soláthair stairiúla. Bhí sé mar aidhm ag tabhairt isteach na gcúig cheannteideal maoinithe agus na dtionscnamh eile a d'eascair as athbhreithniú ar shamhail maoinithe BOO 2022 struchtúr maoinithe níos solúbtha, níos dírithe ar thorthaí agus níos ailínithe go straitéiseach a chruthú. Mar sin féin, is cosúil nach bhfuil cur i bhfeidhm an chláir athchóirithe níos leithne críochnaithe.

Moladh 28.1

Ba cheart do SOLAS na moltaí atá fós amuigh ó athbhreithniú 2022 a chur i bhfeidhm go hiomlán, lena n-áirítear socruithe maoinithe atá bunaithe ar thorthaí, struchtúir thuairiscithe shimplithe agus sásraí pleanála ilbhliantúla.

Freagairt SOLAS

Comhaontaithe.

Tá SOLAS ag athbhreithniú raon feidhme na hoibre atá riachtanach faoi láthair chun tacú le cur i bhfeidhm mholtaí an athbhreithnithe ar an tsamhail maoinithe, lena n-áirítear an amlíne. Is iad na tosaíochtaí go dtí deireadh 2026 struchtúr rialachais tionscadail a bhunú agus doiciméad tionscnaimh tionscadail a ullmhú i gcomhairle le páirtithe leasmhara. Tá acmhainní lánaimseartha á sannadh chun athbhreithniú a dhéanamh agus chun tacú le cur i bhfeidhm na n-athruithe comhaontaithe.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Tá gealltanús tugtha ag SOLAS an t-eolas is deireanaí ar dhul chun cinn a sholáthar ag deireadh 2026, mar aon le clár oibre pleanáilte don chéad leath de 2027.

- 28.96** Thuairiscigh na boird oideachais agus oiliúna roghnaithe go leanann bonnlínte stairiúla agus tosaíochtaí a chinntear go lárnach de bheith ina gcúis mhór le leithdháiltí maoinithe, seachas samhail atá trédhearcach, bunaithe ar fhoirmlé, nó atá tiomanta go hiomlán ag torthaí. Cé go gcuirtear éileamh na bhfoghlaimeoirí, feidhmíocht na gclár agus faisnéis faoin margadh saothair san áireamh i bpléití pleanála, ní léiríonn an fhianaise go bhfuil na tosca sin ualaithe go córasach nó nasctha go díreach le cinntí maoinithe. Ina theannta sin, cuireann an mhainneachtain comhaontuithe feidhmíochta straitéisí a nuashonrú, mar aon le socruithe tuairiscithe ilroinnte agus oibriú leanúnach córas oidhreacht comhthreomhara teorainn le trédhearcacht, comhsheasmhacht agus cuntasacht ar fud na hearnála.

Moladh 28.2

Ba cheart do SOLAS comhaontuithe nuashonraithe feidhmíochta straitéisí a chur i bhfeidhm leis na boird oideachais agus oiliúna chun ionchais feidhmíochta agus socruithe cuntasachta atá soiléir a sholáthar ar fud na hearnála. Ba cheart spriocanna soiléire, sainmhínithe caighdeánaithe agus torthaí intomhaiste atá ailínithe le tosaíochtaí náisiúnta BOO a bheith leagtha amach sna comhaontuithe.

Freagairt SOLAS

Comhaontaithe.

Tá dréacht-chomhaontuithe feidhmíochta á bplé leis na boird oideachais agus oiliúna faoi láthair d'fhonn iad a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2026.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Deireadh 2026.

- 28.97** Ní cosúil go bhfuil sonraí foghlaimeora agus sonraí airgeadais comhtháite go leordhóthanach chun tacú le hanailís maoinithe láidir ar leibhéal an chláir nó measúnú iontaofa ar luach ar airgead.
- 28.98** Thuairiscigh na boird oideachais agus oiliúna deacrachtaí oibríochtúla leanúnacha, lena n-áirítear córais dhícheangailte, próisis tuairiscithe láimhe, ceaduithe moillithe agus castacht riaracháin. Dá bhrí sin, cé go bhfuil sé beartaithe leis an tsamhail maoinithe tacú le solúbthacht agus freagrúlacht do riachtanais scileanna atá ag teacht chun cinn, tugann an fhianaise le tuiscint nár baineadh amach cur i bhfeidhm oibríochtúil na samhla agus go bhfuil cinntí maoinithe fós faoi shrian ag struchtúir stairiúla agus teorainneacha córais.

Soláthar BOO

- 28.99** Tá sásraí ann laistigh den chóras BOO chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht clár, críochnuithe foghlaimeoirí agus soláthar nach bhfuil ag feidhmiú go maith. Déanann na boird oideachais agus oiliúna athbhreithnithe áitiúla ar chlár bunaithe ar chlárúcháin, éileamh ó fhoghlaimeoirí, torthaí críochnaithe agus aiseolas oibríochtúil. Cuireadh samplaí ar fáil don fhoireann scrúdúcháin inar leasaíodh, inar comhdhlúthaíodh nó inar scoireadh den soláthar BOO. Déantar rátaí críochnaithe a thaifeadadh go príomha trí PLSS agus úsáidtear iad mar chuid de phróisis mhaoirseachta, chuntasachta agus phleanála.
- 28.100** Mar sin féin, shainaithin an fhoireann scrúdúcháin teorainneacha maidir leis an gcumas chun feidhmíocht, éifeachtúlacht agus luach ar airgead clár a mheas ar bhealach córasach. Níl córais airgeadais agus córais sonraí foghlaimeoirí comhtháite ar bhealach lena gcumasaítear caiteachas a nascadh go díreach le torthaí clár, rátaí críochnaithe nó dul chun cinn foghlaimeoirí.
- 28.101** Cé go gcuirtear rátaí críochnaithe agus torthaí foghlaimeoirí san áireamh i bpléití formhaoirseachta clár, ní léiríonn an fhianaise go bhfuil creat soláthair nó maoinithe aibí atá bunaithe ar fheidhmíocht ann. Is cosúil go mbíonn cinntí maidir le leanúnachas clár agus leithdháileadh acmhainní fós bunaithe den chuid is mó ar sholáthar stairiúil, ar thosaíochtaí straitéiseacha agus ar bhreithnithe oibríochtúla seachas ar anailís chomhtháite feidhmíochta agus costais. Dá bhrí sin, cé gur féidir soláthar atá ag feidhmiú faoi bhun caighdeán a aithint agus aghaidh a thabhairt air i gcásanna áirithe, cuireann an easpa córais comhtháite láidir sonraí teorainn le cumas an chórais BOO chun éifeachtúlacht, éifeachtacht agus toradh ar infheistíocht a mheas go córasach ar fud clár.

Moladh 28.3

Ba cheart do SOLAS machnamh a dhéanamh ar fhorbairt córas comhtháite sonraí foghlaimora, airgeadais agus clár chun anailís ar chostais, ar chríochnuithe, ar thorthaí foghlaimora agus ar luach ar airgead a chumasú ar leibhéal an chláir.

Freagairt SOLAS

Comhaontaithe.

Breithneofar ceanglais maidir le hathruithe ar chórais airgeadais agus ar chórais eile i gcomhthéacs an tionscadail athbhreithnithe maoinithe BOO dá dtagraítear sa fhreagairt do mholadh 1.1.

Amlíne le haghaidh cur chun feidhme

Tá gealltanas tugtha ag SOLAS an t-eolas is deireanaí ar dhul chun cinn a sholáthar ag deireadh 2026, mar aon le clár oibre pleanáilte don chéad leath de 2027.

Iarscríbhinn 28A Mapáil ar chlár maoinithe SOLAS

Ceannteidil mhaoinithe	Catagóir cláir nua	Cláir agus fochláir oidhreachta
Príomh-mhaoiniú	Tacaíocht agus treoir d'fhoghlaimeoirí, foirgnimh, cáilíocht/deimhniú, tacaíochtaí lárnacha eile	Maoiniú chun ionad straitéiseach éifeachtach a chur chun cinn. Costais tacaíochta a bhaineann le soláthar na gcatagóirí cláir
Maoiniú d'fhorbairt nó do chlaochlú scileanna an lucht saothair	Foghlaim chun dul chun cinn san fhostaíocht	- Iar-Ardteistiméireacht - Iar-Ardteistiméireacht — bealaí chuig printíseacht - Socrúchán oibre - Oiliúint i scileanna sonracha - Treasach
	Foghlaim san fhostaíocht	Scileanna chun Dul Chun Cinn
Maoiniú do chonairí BOO	Conairí	- Oiliúint ullmhúcháin agus bhunúsach - Croíchlár SDOG - Sainsoláthraithe oiliúna - Tionscnaimh oiliúna áitiúla - Grúpaí den Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas - Uaireanta comhoibrithe BOO
	Soláthar don aos óg	- Ógtheagmháil - Ionaid oiliúna pobail - Conairí BOO ón scoil
	Oideachas pobail	Oideachas pobail
	Litearthacht do dhaoine fásta don saol	- Litearthacht (lena n-áirítear litearthacht dheonach, litearthacht teaghlaigh DEIS, príomhscileanna) - Béarla do chainteoirí teangacha eile / cláir do dhídeanaithe - Scileanna don Obair
Maoiniú printíseachta	Printíseacht	- Printíseachtaí BOO 2016+^a - Printíseachtaí ceirde
Maoiniú infheistíochta straitéisí	Lánroghnach/Eile	- Maoiniú Reach - Scileanna chun tionscadail nuálaíochta a chur chun - Forbairt sainscileanna - Tionscnaimh straitéiseacha BOO - Tionscnaimh gníomhaithe ar son na haeráide - Cúrsaí féinmhaoinithe

Foinse: SOLAS

Nóta: a Glactar isteach printíseachtaí 2016+ (ar a dtugtar printíseachtaí faoi stiúir cuibhreannais freisin) sa bhliain 2016 mar chuid den leathnú náisiúnta ar phrintíseachtaí. Ceapadh iad chun an tsamhail printíseachta a thabhairt isteach i ngairmeacha nua, agus tá siad níos solúbtha ó thaobh dearaidh agus leibhéal cáilíochta de.